Comhairle AE

PRESS GA

**RÁITEAS AGUS BARÚLACHA**
781/25
06/10/2025

# Ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais maidir le tíortha áirithe a bheith ag seasamh le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

An 22 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1932 ón gComhairle[1].

Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuireadh síneadh le cur i bhfeidhm na mbeart sriantach atá ann cheana go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2026.

Tá an Airméin, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, Poblacht na Moldóive, an tSeirbia, an tSeoirsia agus an Úcráin ag seasamh leis an gCinneadh seo ón gComhairle.

Áiritheoidh siad go mbeidh a mbeartais náisiúnta i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle.

Tá an gealltanas sin tugtha dá aire ag an Aontas Eorpach agus is díol sásaimh dó é.

---

[1] IO L, 2025/1932, 23.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1932/oj.

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press